



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2003


STAIR – ARDLEIBHÉAL

(Ná cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar.)

FOINSÍ


1. PICTIÚIR

PICTIÚR A.




Foinse: Dúchas – an tSeirbhís Oidhreachta

PICTIÚR B.




Foinse: “Adhradh na Magi” le Botticelli. Gailearaí Uffizi, Flórans.

PICTIÚR C1.



PICTIÚR C2.



Foinse: “Radhairc ó na Trioblóidí”; Póstaer agus radhairc ón gCoinbhleacht i dTuaisceart Éireann as Leabharlann Halla an Línéadaigh, Béal Feirste.

2. DOICIMÉID

DOICIMÉAD 1.

Sliocht is ea é seo as alt i nuachtán a scríobh Séamas Ó Conghaile i 1916. Is é an t-ainm atá air ná “Na Slumanna agus na Trinsí.” Iarann sé ar dhaoine gan dul isteach in arm na Breataine.

“Duine a bhí ag caint le cruinniú liostála le déanaí i mBaileÁtha Cliath dúirt se go raibh slumanna Bhaile Átha Cliath níos mí-fholláine ná na trinsí i bhFlóndras (an Bheilg)...scéal grinn dar leis na Sasanaigh é seo.

Déan bhur machnamh air a chairde, déan bhur machnamh air go maith. Uaigheanna do na mílte ógánach Éireannach atá sna trinsí i bhFlóndras...a fuair bás ann i gcathanna fiochmhara le namhaid cróga nach raibh aon rud aige ina gcoinne agus nach raibh ach an dea-thoil aige dá dtír dhúchais.

Cuid mhór de na hÉireannaigh óga seo, rugadh agus tógadh iad i slumanna agus i dtithe tionóntáin Bhaile Átha Cliath. Tá droch-cháil ar fud an domhain ar na slumanna céanna de bharr na ngalar a bhíonn iontu. Ar fud an domhain go léir tá a fhios ag daoine go bhfuil na tithe ina bhfuil cónaí ar bhochtáin Bhaile Átha Cliath, go bhfuil siad níos measa ná mar atá ag aon dream sibhialta dár dhein Dia.

Bhur ndeartháireacha, a tháinig amach as na slumanna seo, de bharr droch-chomhairle, tá an dubh curtha ina gheal orthu agus tá cleas imeartha orthu chun an cath a throid ar son Shasana agus cogadh a chur ar náisiún na Gearmáine, náisiún nach gceadaíonn in aon áit laistigh dá dteorannacha slumanna den saghas ina bhfuil cónaí ar fhorhmór bhochtáin Bhaile Átha Cliath.

Ach is féidir leat bás le honóir a fháil i slum i mBaile Átha Cliath. Má fhaigheann tú bás leis an bhfiabhras nó fiú leis an mbochtanas de bhrí gurbh fhearr leat aghaidh a thabhairt ar an mbás seachas d’anam a dhíol le naimhde do thíre agus d’aicme...míle uair níos uaisle ná Cros Victoria a bhuachaint ag déanamh feallmharú ar son naimhde do thíre.”

Foinse: Workers’ Republic, Feabhra 26, 1916

DOICIMÉAD 2.

A. Sliocht as óráid a thug Príomh-Aire Shasana, Neville Chamberlain, do Theach na dTeachtaí, Meán Fómhair 1, 1939.

“Ocht mí dhéag ó shin sa teach seo ghuigh mé nach dtitfeadh an fhreagracht ormsa iarraí ar an tír seo glacadh le breithiúnas uafásach an chogaidh. Is eagal liom nach mbeidh mé ábalta an fhreagracht sin a sheachaint...”

Ní féidir le duine ar bith a rá go bhféadfadh níos mó a bheith déanta ag an rialtas chun an tslí a choinneáil oscailte le haghaidh socrú a fháil a bheadh cothrom agus onórach ar an gconspóid idir an Ghearmáin agus an Pholainn. Níor dhearnamar faillí ach an oiread ar conas é a dhéanamh rí-shoiléir do rialtas na Gearmáine, dá mbeidis tiomanta ar fhórsa a úsáid go gcuirfimis ina gcoinne le fórsa.

Anois ó tharla go bhfuil na doiciméid go léir á gcur os comhair an phobail...ar ghuailne fir amháin, Seansailéir na Gearmáine, a luíonn an fhreagracht don tubaiste uafásach seo, fear nár leasc leis an dhomhan a chaitheamh san ainneise lena chuid uaillmhianta gan chiall a shásamh.”

B. Séard atá anseo ná sliocht as Forógra le Adolf Hitler a eisíodh chuig arm na Gearmáine ar Meán Fómhair 1, 1939.

“Tá Stát na Polainne tar éis diúltú don socrú síochánta a theastaigh uaim maidir le caidreamh eadrainn agus tá sé imithe i muinín na n-arm. Déantar géarleanúint uafásach fuilteach ar Ghearmánaigh sa Pholainn agus díbrítear as a gcuid tithe iad. Is liosta le háireamh na hócáidí inar sáraíodh na teorainneacha eadrainn, rud nach bhfuil inghlactha ag ollchumhacht agus cruthaíonn sé seo nach bhfuil an Pholainn sásta meas a bheith aici níos mó ar theorainn an Reich.

Chun deireadh a chur leis an ngealltachas, níl aon rogha eile agam as seo amach ach cur i gcoinne fórsa le fórsa. Troidfidh arm na Gearmáine an cath go diongbháilte ar son onóra agus ar son chearta riachtanacha na Gearmáine ath-bheirthe.”